Is féidir linne comhoibriú lena chéile mar ghiollaí Dé,
le haire a thabhairt do gach ar chruthaigh sé.

SCOILEANNA CAITLICEACHA:

MAIREACHTÁIL GO SÍTHEACH LE GACH AR CHRUTHAIGH DIA

26 EANÁIR – 2 FEABHRA 2020

Ón gCuraclam: Leibhéal 2

An Creideamh Críostaí	Briathar Dé
Mistéir Dé • Tugann Dia cuireadh dúinn freagairt ghrámhar a thabhairt • (Eoin 13:34–5; Eoin 4:11–12) **Mistéir Chríost** • Léirigh Íosa grá Dé dúinn (1 Eoin 4:9) **An Cruthú** • Léiriú ar ghrá Dé dúinn is ea an cruthú **Mistéir na hEaglaise** • Baineann cách le clann Dé, cuma faoi chine, aois, cultúir nó ábaltacht. • San Proinsias Assisi patrún na n-ainmhithe agus na héiceolaíochta	**Plean grámhar Dé don slánú** • Scéal an Chruthaithe (Gein 1–2:3) • Buíochas a ghabháil le Dia (Salm 9:1) • Moladh do Dhia (urnaí) (Salm 95:1–7) • Moladh don Tiarna (urnaí) (Salm 100:3–5) **Saol Poiblí Íosa** • An Seachránaí Caorach (Matha 18:12–14; Lúcás 15:1–7) • Zacháias (Lúcás 19:1–10) • Pairiliseach á Leigheas (Matha 9:1–8; Marcas 2:1–12)
Liotúirge & Urnaí	**Moráltacht Chríostaí**
Urnaí Fhoirmiúil • Glóir don Athair **Uath-Urnaí** **Urnaí Breise** • Moladh do Dhia (Salm 95:1–7) • Moladh don Tiarna (Salm 100:3–5)	**Saoirse & Freagracht Dhaonna** • Is féidir linn rogha olc nó maith a dhéanamh • Bíonn tionchar ag an rogha a dhéanaimid orainn féin agus ar an duine eile • Is féidir linn rogha a dhéanamh, feidhmiú ar nós Íosa **Láithreacht Ghrástúil Dé** • Cabhraíonn an Spiorad Naomh linn maireachtáil ar nós Íosa **Teagasc Sóisialta na hEaglaise** • Thug Íosa aire do gach ar chruthaigh Dia • Tá an fhreagracht phearsanta orainn aire a thabhairt don chomhshaolt • Bhronn Dia an scil agus an éirim aigne orainn aire a thabhairt don domhan

An Luan: Maireachtáil go Sítheach le Dia

27 Eanáir 2020

Tá grá síoraí ag Dia dúinn. Níl teorainn ar bith leis.

(An Pápa Proinsias, Twitter, 26 Lúnasa 2014)

Smaoinigh: Ár Scoil Chaitliceach

Déan liosta de na doine éagsúla a bhíonn ar scoil.
Conas a bhímid ag déileáil le daoine ar scoil?
Cen tábhacht a bhaineann le déileáil go deas le daoine?

Urnaí

Smaoinímis ar na daoine éagsúla a bhíonn ar scoil. (Sos) Nuair a bhímid ag caint le Dia, bímid ag urnaí. Cuirimid tús leis an urnaí trí fíor na Croise a ghearradh orainn féin:
In ainm an Athar ... (aithris á dhéanamh ar an múinteoir)
A Dhia ghrámhar, éist lenár nguí; cabhraigh linn a bheith grámhar,
caoin, comhbhách, inniu agus riamh,
Amen.

Taighde: Tugann Dia aire dúinn, ba mhaith leis go dtabharfaimis aire dá chéile

Nuair a thugaimid aire don duine eile, bímid sona ionainn féin, agus bíonn an duine eile sona linn. Nuair a bhímid cabhrach lena chéile, bíonn Dia sona linn.
Cad iad na mionrudaí a dhéanaimid a léiríonn go mbímid ag tabhairt aire don duine eile (m.sh. roinn leo, bí ag súgradh leo, bí go deas leo 7rl).
Nuair a bhímid ag urnaí, bímid ag caint le Dia. Déanann Dia cúram dínn, beidh sé ag faire orainn i gcónaí, ní dhéanfaidh sé dearmad dínn. Má bhíonn eagla orainn, nó buairt, má bhímid gealgháireach nó brónach, beidh sé sásta éisteacht linn.

Machnamh

Mhúin Íosa dá chairde conas urnaí chun Dé a dhéanamh.
Is féidir linne an urnaí seo a rá lena chéile:
Ár nAthair, atá ar Neamh...

Foghlaimímid conas maireachtáil ar nós Íosa, agus aire a thabhairt dá chéile.
Nuair a bhímid comhbhách lena chéile, bíonn grá Dé á léiriú againn. Nuair a thugaimid grá dá chéile bíonn grá Dé á roinnt againn. Múineann Dia dúinn go gcaithfear meas a bheith againn ar an duine eile, agus ar an domhan a chruthaigh Dia dúinn.

Bíonn Iliomad duine ann a thugann cabhair agus aire dúinn, a roinneann a gcuid ama agus a gcuid tallann linn. Cabhraíonn siad le corp Chríost a bheith beo ar scoil ionainn. Déan pictiúir, nó scríobh ainmneacha na ndaoine a dhéanann a leithéid ar scoil ar an scrolla thíos:

An Mháirt: Maireachtáil go Sítheach leis na Comharsana

28 Eanáir 2020

Smaoinigh: Cad is dea-chomharsa ann?
An dea-chomharsa mise? Múineann Íosa dúinn go n-iarrtar orainn grá Dé a roinnt le cách. Iarrann sé orainn grá a léiriú dá chéile díreach mar a léiríonn seisean a chuid grá dúinne.

Urnaí
Gearraimis fíor na Croise orainn féin:
In ainm an Athar ... (aithris á dhéanamh ar an múinteoir)
A Dhia ghrámhar, éist lenár nguí; cabhraigh linn a bheith grámhar, caoin, comhbhách, inniu agus riamh, Amen.

Taighde
Conas a mhothaíonn tusa má roghnaítear sa chéad áit tú? Conas a mhothaíonn tusa mura roinneann an duine eile leat ar chor ar bith? Conas a mhothaíonn Dia má bhímid go deas lena chéile?

Machnamh
Smaoinigh ar na hamanna inniu ina bhféadfaimis grá Dé a léiriú trí aire a thabhairt don duine eile. Nár mhaith leatsa go mbeadh an duine eile go deas leat? Roghnaigh duine amháin le go ndéanfá iarracht déileáil ar bhealach deas léi nó leis, i rith na seachtaine atá romhainn.

Gníomhaigh
1. Bí ag aisteoireacht mar dhuine nach gcuireann an duine eile roimpi/roimhe féin.
2. Déan pictiúr de chroí a tharraingt leis na súile dúnta.
3. Luaigh rud a dhéanfá i rith na seachtaine ar mhaithe le duine nach dtaitníonn leat.

An Déardaoin: Maireachtáil go Sítheach leis an Domhan Timpeall Orainn

30 Eanáir 2020

Smaoinigh
Cad í an áit is ansa liom? Cé fáth gur áit speisialta í? Conas mar a mhothaím nuair a bhím ansin? An iad na daoine nó an áit féin is mó a thaitníonn liom?

Urnaí
In ainm an Athar ... (aithris á dhéanamh ar an múinteoir)
A Dhia ár nAthair,
Guímid ar son na todhchaí, nach mbeidh an truailliú ná an fuíoll inti,
an saol inar féidir linn maireachtáil de réir mar a mhúin Íosa dúinn,
Amen.

Taighde
Smaoinigh ar na bealaí ina bhféadfaimis an domhan timpeall orainn a fheabhsú. Má bhailímid an bruscar, mura mbímid ag scaipeadh dramhaíola, má bhímid tíosach leis an uisce, beidh saol feabhsaithe againn. Conas is féidir linn scoil ghlan a bheith againn, agus saol feabhsaithe a chaitheamh inti? Conas a chuirfimis feabhas ar an áit chónaithe?

Machnamh
Is álainn an domhan ina mairimid, ach má scaipimid dramhaíl, nó uisce a chur amú, nó an domhan a thruailliú, bíonn an pobal, agus na hainmhithe, agus na plandaí thíos leis. Is féidir leis an rang tógáil ar an obair a dhéanaimid mar Scoil Ghlas. Is féidir bruscar a bhailiú, nó féachaint chuige go múchtar na soilse nach bhfuil aon ghá leo, nó atá ar siúl in aon seomra ranga nach mbíonn in úsáid.

Gníomhaigh
Breathnaigh ar an bhfíseán *Laudato Si': Aire don Domhan Coiteann* https://vimeo.com/140633325 Línigh/Scríobh na bealaí ina bhféadfá domhan agus saol feabhsaithe a chruthú.

Bealaí ina gcuirfidh mé feabhas ar an domhan....

An Aoine: Maireachtáil go Sítheach sa Scoil Chaitliceach

31 Eanáir 2020

Smaoinigh: Ár Scoil Chaitliceach

Cad iad na rudaí a thaitníonn linn faoin scoil seo? Conas a bheimis ag déileáil le cuairteoirí chun na scoile ? An gcuirfí fáilte rompu? An mbeifí cineálta leo? An dtabharfaimis gach cabhair a bhí uathu dóibh?

Urnaí

In ainm an Athar ... (aithris á dhéanamh ar an múinteoir)
A Dhia ár nAthair,
Gabhaimid buíochas leat as an scoil Chaitliceach seo againne.
Cabhraigh linn maireachtáil de réir mar a mhúin Íosa dúinn. Amen.

Taighde

Tugaimid scéal Zacháias, an bailitheoir cánach chun cuimhne inniu. Níor thaitin Zacháias leis an bpobal toisc nach fear macánta cneasta a bhí ann. Nuair a tháinig Íosa ar an láthair, chuaigh Zacháias in airde crainn. An raibh sé ag iarraidh éalú uaidh? Ghlaoigh Íosa air áfach, theastaigh uaidh a bheith cairdiúil leis. Is féidir linne meancóg a dhéanamh, nó olc do ghníomh, ach ní iompóidh Dia ar a sháil uainn. Is féidir linn a bheith cairdiúil le hÍosa, agus an cairdeas sin a thaispeáint tríd an dínit agus an grá a léiriú i dtreo an duine eile. Is é sin an bealach ina mbímid ag feidhmiú sa scoil Chaitliceach.

Gníomhaigh

Tabhair píosa páipéir an duine do na daltaí. Ligeann siad orthu gur iriseoirí iad, le tuairisc nuachta a scríobh faoin uair ar bhuail Íosa le Zacháias. Scríobh achoimre a léiríonn na pointí is tábhachtaí den scéal, agus tarraing pictiúr a thaispeánann an eachtra.